V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11004 – ITOCHU / AMCI / FITZROY QLD RESOURCES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 86/09)

1. An 27 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ITOCHU Corporation ("Itochu", An tSeapáin),

— AMCI Group, LLC ("AMCI", na Stáit Aontaithe),

— Fitzroy QLD Resources Limited ("Fitzroy", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Itochu agus AMCI rialú comhpháirteach ar Fitzroy de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta é Itochu arna liostú ar stocmhalartán atá gníomhach i réimse leathan tionscal, lena n-áirítear an trádáil intíre, an t-allmhairiú/an t-onnmhairiú, agus táirgí éagsúla a thrádáil ar an gcoigríoch mar shampla táirgí teicstíle, innealra, miotail, mianraí, fuinneamh, ceimiceáin, bia, táirgí ginearálta, réadmhaoin, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, maoiniú, agus infheistíocht ghnó,

— Is cuideachta infheistíochta um acmhainní nádúrtha é AMCI atá faoi sheilbh phríobháideach agus atá gníomhach i roinnt réimsí a bhaineann le fuinneamh agus le tráchtearraí miotail a bhfuil infheistíochtaí aici i nguail, i mianraí agus i miotail,

— Is cuideachta faoi sheilbh phríobháideach é Fitzroy atá i seilbh gualmhianaigh cóic agus iad á n-oibriú aici san Astráil, agus tá sé i seilbh leasanna neamhfhorbartha i dtionóntáin san Astráil agus tá leas tromlaigh aige i soláthraí seirbhísí trealaimh mianadóireachta san Astráil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11004 – ITOCHU / AMCI / FITZROY QLD RESOURCES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË